



# FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH

## AR AN TUARASCÁIL SPEISIALTA Ó CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

**Marthanacht i bhforbairt tuaithe:** bíonn an chuid is mó de na tionscadail oibríochtúil i gcónaí go ceann na tréimhse atá ag teastáil, ach is ann do dheiseanna chun torthaí níos marthanaí a bhaint amach

# Ábhar

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN (Míreanna I-VI).....	2
RÉAMHRÁ (Míreanna 1-14) .....	3
RAON FEIDHME AGUS CUR CHUIGE AN INIÚCHTA (Míreanna 15-19).....	4
BARÚLACHA (Míreanna 20-65).....	4
CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ (míreanna 66-70).....	6
Moladh 1 – Caiteachas a dhíriú ar dhóigh níos fearr ar thionscadail inmharthana.....	6
Moladh 2 – Na rioscaí a bhaineann le hatreorú sócmhainní cistithe le haghaidh úsáid phearsanta a mhaolú.....	6
Moladh 3 – Leas a bhaint as acmhainneacht na mbunachar sonraí mór le haghaidh meastóireachta.....	7

Is éard atá sa doiciméad seo freagraí an Choimisiúin Eorpaigh ar bharúlacha a tugadh i dtuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), i gcomhréir le hAirteagal 259 den [Rialachán Airgeadais](#) agus tá sé le foilsiú in éineacht leis an tuarascáil speisialta.

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN (Míreanna I-VI)

## Freagra coiteann ón gCoimisiún:

Le linn na gclárthréimhsí 2007-2013 agus 2014-2020, leanann an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) de thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí éagsúlaithe neamhthalmhaíochta agus de bheith ag déanamh infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a spreagadh i limistéir thuaithe, lena n-áirítear bonneagar i gcomhréir leis na tosaíochtaí Eorpacha maidir le forbairt tuaithe. I gcomhréir le prionsabal na bainistíochta comhroinnte, tugtar tacaíocht le Cláir Forbartha Tuaithe náisiúnta nó réigiúnacha, ina bhfuil na Ballstáit agus an Coimisiún freagrach as bainistiú agus rialú, agus ina bhfuil sé de cheangal ar na Ballstáit gach beart is gá a dhéanamh, lena n-áirítear bearta reachtacha, rialála agus riaracháin, lena áirithiú go ndéantar gníomhaíochtaí arna maoiniú ó bhuiséad an Aontais a chur chun feidhme i gceart agus go héifeachtach agus i gcomhréir leis na rialacha AE agus náisiúnta is infheidhme.

Measann an Coimisiún go bhfuil sé ríthábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir urramú na tréimhse marthanachta a cheanglaítear leis an dlí agus an measúnú ar thionchar níos fadtéarmaí na dtionscadal a dtacaítear leo agus a leanann de bheith oibríochtúil i ndiaidh na tréimhse a cheanglaítear leis an dlí. Chomhaontaigh na reachtóirí, de réir mar is iomchuí, na ceanglais mharthanachta, a leagtar síos in Airteagal 72 de Rialachán (CE) 1698/2015 don tréimhse 2007-2013 agus in Airteagal 71 de Rialachán (AE) 1303/2013 don tréimhse 2014-2020, agus níl aon bhunús dlí ann chun oibriú tionscadal a iarraidh go córasach – ná faireachán a dhéanamh ar oibriú na dtionscadal sin – i ndiaidh na tréimhse mharthanachta a cheanglaítear leis an dlí. Bheadh ualach riaracháin iomarcach ar na húdaráis náisiúnta dá bharr sin freisin.

Measann an Coimisiún gur rud dearfach é go mbíonn go leor tionscadal a dtugtar tacaíocht dóibh oibríochtúil ar feadh na mblianta tar éis na tréimhse marthanachta a cheanglaítear leis an dlí. Measann an Coimisiún go mbíonn éagsúlú fadtéarmach i limistéir thuaithe mar thoradh ar bhearta éagsúlaithe, agus nach gá gur dúnadh roinnt gnólachtaí, ná gur cuireadh deireadh le tionscadail dá dtugtar tacaíocht, toisc go raibh easpa inmharthanachta eacnamaíche sa tionscadal tosaigh. Measann an Coimisiún go mbainfeadh na torthaí sin tairbhe as tuilleadh anailíse, mar shampla trí chomparáid a dhéanamh le sonraí ginearálta maidir le himmharthanacht eacnamaíoch sna hearnálacha sin, le gnólachtaí nach bhfuair cistiú poiblí agus lena saolré meánach, chomh maith le tosca seachtracha féideartha eile a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar na tionscadail a dtacaítear leo, amhail treochtaí maicreacnamaíocha.

Tá tacaíocht do thionscadail chomhchosúla beartaithe faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) nua 2023-2027, a bhfuil sé mar chuspóir ginearálta aige creatlach shocheacnamaíoch na gceantar tuaithe a neartú. I gcomhréir leis an 'Samhail Nua Seachadta' mar a léirítear i Rialachán (AE) 2021/2115 agus Rialachán (AE) 2021/2116, tá sé d'aidhm ag CBT nua 2023-2027 feidhmíocht níos fearr agus torthaí níos fearr a bhaint amach i bhfianaise a chuspóirí. Níl creat dlíthiúil an Aontais chomh saintreorach céanna maidir le rialacha is infheidhme go díreach maidir leis na tairbhíthe, rud a fhágann níos mó solúbthachta ag na Ballstáit tacaíocht a phleanáil agus coinníollacha cabhrach ábhartha a bhunú de réir na riachtanas agus na gcomhthéacsanna náisiúnta. Sna Pleananna Straitéiseacha faoi CBT, dá bhrí sin, is faoi na Ballstáit atá sé ceanglais ábhartha mharthanachta a mholadh a bheidh oiriúnach do na cineálacha éagsúla idirghabhála. Ina mheasúnú ar na pleananna, tugann an Coimisiún aird chuí ar oiriúnacht na spriocanna agus ar straitéis fhoriomlán na tacaíochta atá beartaithe chomh maith le dearadh na n-idirghabhálacha atá

beartaithe. Ina theannta sin, tá an Coimisiún réidh chun tacú leis an malartú idir na Ballstáit chun inmharthanacht eacnamaíoch tionscadal a fheabhsú san fhadtéarma.

Glacann an Coimisiún leis na moltaí.

## RÉAMHRÁ (Míreanna 1-14)

### Freagraí ón gCoimisiún:

**07.** Cé gur thángthas ar chonclúidí áirithe sa staidéar meastóireachta, ní chuirtear as an áireamh sa tuarascáil féin an rannchuidiú dearfach<sup>1</sup> a dhéanann na tionscadail, rannchuidiú atá teoranta dar le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, d'éagsúlú tuaithe.

Féach an freagra ón gCoimisiún ar mhír 61.

**10.** I gcomhréir le prionsabal na bainistíochta comhroinnte, tá na Ballstáit agus an Coimisiún freagrach as Cláir Forbartha Tuaithe a bhainistiú agus a rialú i gcomhréir lena bhfreagrachtaí faoi seach a leagtar síos i Rialachán (AE) 1303/2013 agus i Rialachán (AE) 1305/2013 agus i Rialachán (CE) 1698/2005. Ba cheart do na Ballstáit gach beart is gá a dhéanamh, lena n-áirítear bearta reachtacha, rialála agus riaracháin, chun a áirithiú go ndéantar gníomhaíochtaí arna maoiniú ó bhuiséad an Aontais a chur chun feidhme i gceart agus go héifeachtach agus i gcomhréir leis na rialacha AE agus náisiúnta is infheidhme.

**11.** Moltar i Rialachán (AE) 2021/2115 samhail nua seachadta, lena mbaineann aistriú ó chomhlíonadh i dtreo torthaí agus feidhmíochta, trí níos mó solúbthachta a thabhairt do na Ballstáit maidir le cur chun feidhme.

Féach freisin na freagraí a thug an Coimisiún ar an Achoimre Feidhmiúcháin.

**12-13.** Freagra coiteann ón gCoimisiún ar mhíreanna 12 agus 13:

Maidir leis na ceanglais mharthanachta sna Pleananna Straitéiseacha faoi CBT le haghaidh 2023-2027, spreagann an Coimisiún na Ballstáit na forálacha sin a áireamh ina bPleananna i gcás inarb iomchuí agus iad curtha in oiriúint don chineál idirghabhála i dtrácht.

Don chlárthréimhse 2014-2020, is ceanglais éagsúla mharthanachta atá ann. Déantar foráil in Airteagal 71 de Rialachán (AE) 1303/2013 maidir le ceanglais mharthanachta 5 bliana, 3 bliana agus 10 mbliana (athshuí na cuideachta lasmuigh den Aontas) tar éis na híocaíochta deiridh leis an tairbhí nó laistigh den tréimhse a leagtar amach sna rialacha maidir le Státchabhair.

---

<sup>1</sup> Sintéis ar mheastóireacht *ex-post* Chláir Forbartha Tuaithe (RDP) 2007-2013 - Staidéar Meastóireachta. (lch16)

# RAON FEIDHME AGUS CUR CHUIGE AN INIÚCHTA (Míreanna 15-19)

Gan aon fhreagra ón gCoimisiún.

## BARÚLACHA (Míreanna 20-65)

### Freagraí ón gCoimisiún:

**21-23.** Freagra coiteann ón gCoimisiún ar mhíreanna 21 go 23:

Tugann an Coimisiún dá aire gur maoiníodh an daonra ina ndearnadh sampláil ar 879 dtionscadal lóistín turasóireachta le linn na tréimhse 2007-2013 agus gur chomhlíon siad uile an ceanglas marthanachta 5 bliana agus gur chomhlíon siad ar fad an ceanglas dlíthiúil i ndáil leis sin.

Ina theannta sin, meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil tosca seachtracha breise ann lena gcinntear saolré fiontair sa bhreis ar na gnéithe a pléadh sa tuarascáil.

**24-27.** Freagra coiteann ón gCoimisiún ar mhíreanna 24 go 27:

Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir gur chloígh formhór na dtionscadal samplála leis an gceanglas maidir le marthanacht dlíthiúil. Chuirfeadh faisnéis faoi na cúiseanna nach bhfuil cuid de na tionscadail oibríochtúil a thuilleadh, mar aon le comparáid le gnáth-shaolré gnólachtaí comhchosúla nach bhfuair maoiniú poiblí, tuilleadh eolais faoin measúnú.

**33.** Tugann an Coimisiún dá aire gur stad na tionscadail uile dá dtagraítear i mbosca 2 tar éis a dtréimhse marthanachta dlíthiúla lena n-áirítear an dá thionscadal sin a bhí oibríochtúil ar feadh tréimhse níos lú ná 5 bliana.

**36.** Mar a léirítear i bhFíor 5, faoi chreat dlíthiúil 2014-2020, athraíodh na rialacha i gcomparáid le creat dlíthiúil 2007-2013, rud a d'fhágfadh go dtosódh an tréimhse mharthanachta ó íocaíocht deiridh an tionscadail. Bhí tréimhse mharthanachta níos iomchuí mar thoradh air sin agus d'fhág sé gur seachnaíodh cásanna mar a tharla sa sampla ón mBulgáir le linn na tréimhse 2014-2020.

**38-46.** Freagra coiteann ón gCoimisiún ar mhíreanna 38 go 46:

Cuirtear critéir roghnúcháin i bhfeidhm chun tionscadail ardcháilíochta a chur in ord tosaíochta agus a roghnú ar mhaithe le rannchuidiú leis na cuspóirí. Mar sin féin, chun feabhas a chur ar an dóchúlacht go mbeidh inmharthanacht eacnamaíoch fhadtéarmach ag tionscadail a dtacaítear leo, ní mór measúnú cáilíochtúil ó ghníomhaireacht íocaíochta gach iarratais a bheith in éineacht leo. Braitheann tionchar fadtéarmach na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht ar roinnt tosca seachtracha freisin.

Sa tréimhse 2014-2020, ina threoir do na Ballstáit, tá an Coimisiún ag díriú níos mó ar úsáid iomchuí na gcritéar roghnúcháin, i gcomparáid leis an tréimhse 2007-2013 d'fhonn a áirithiú go gcaithfear go cothrom le hiarratasóirí, go n-úsáidfear acmhainní airgeadais ar bhealach níos fearr agus go ndíreofar bearta i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe agus leis an gcreat dlíthiúil. Leanfaidh an Coimisiún dá iarrachtaí chun a áirithiú go mbeidh malartú dea-

chleachtas idir na Ballstáit freisin maidir le húsáid na gcritéar roghnúcháin sna Pleananna Straitéiseacha faoi CBT 2023-2027. I gcás nach n-urramaíonn tairbhíthe ceanglais, faoin mbainistíocht chomhroinnte, is faoi na húdaráis fhreagracha atá sé gníomhaíocht a dhéanamh i gcomhréir leis na rialacha maidir le pionóis agus aisghabhálacha. Déanann an Coimisiún iniúchadh freisin ar urramú cheanglais na mBallstát. I gcás easnaimh i gcórais bhainistíochta agus rialaithe na mBallstát, féadfaidh an Coimisiún ceartuithe airgeadais a mholadh.

Cuireann an Coimisiún in iúl gur léiriú é an sampla i mbosca 5 ar chásanna lena mbainfeadh cruthú saorga (féideartha) coinníollacha (clásal imchémniúcháin in Airteagal 60 de Rialachán (AE) 1306/2013) nó fiú ar iompar calaoiseach.

**52.** Spreagann an Coimisiún na Ballstáit tacaíocht a thabhairt i bhfoirm ionstraimí airgeadais, amhail iasachtaí agus ráthaíochtaí, go háirithe i gcás infheistíochtaí atá inmharthana go heacnamaíoch agus a ghineann ioncam don tairbhí.

**54-55.** Freagra coiteann ón gCoimisiún ar mhíreanna 54 agus 55:

Faoin mbainistíocht chomhroinnte, is faoi na húdaráis náisiúnta atá sé rialú a dhéanamh ar na tionscadail arna maoiniú ag cistí an Aontais agus aisghabhálacha a thionscnamh i gcás nár cloíodh le rialacha an Aontais agus/nó na rialacha náisiúnta. Déanann an comhlacht náisiúnta deimhniúcháin iniúchadh ar an gcaiteachas ar fhorbairt tuaithe ar bhonn bliantúil. Ina theannta sin, déanann an Coimisiún iniúchtaí rioscabhunaithe sna Ballstáit chun comhlíonadh na rialacha a sheiceáil.

Maidir leis na saincheisteanna a shaináithin CIE sa Rómáin agus sa Bhulgáir, ba mhaith leis an gCoimisiún a chur in iúl go bhfuil, i gcás na Bulgáire, tús curtha ag údaráis na Bulgáire le nósanna imeachta aisghabhála a bhaineann le cistí a íocadh go míchuí agus ar cuireadh tús leo cheana tar éis cheartúchán airgeadais an Choimisiúin in 2017 a lean iniúchadh AS AGRI. Tá na nósanna imeachta aisghabhála casta, áfach, toisc gur thóg formhór mór na dtairbhíthe atá faoi réir aisghabhálacha údaráis na Bulgáire os comhair Cúirte. Ina theannta sin, chuir cuid de na tairbhíthe sin roinnt gearán faoi bhráid an Choimisiúin agus Pharlaimint na hEorpa. Tá measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar na gearáin sin.

Maidir leis an gclárthréimhse 2007-2013 a bhí ann roimhe sin, rinne an Coimisiún iniúchadh ar na bearta a bhaineann le cóiríocht do thurasóirí (bearta 311, 312 agus 313 den chuid is mó) (ó 2011 i leith) i naoi mBallstát. In dhá Bhallstát braithheadh laigí i gcur chun feidhme nósanna imeachta iomchuí.

Maidir leis an gclárthréimhse 2014-2020, rinne an Coimisiún iniúchadh ar fhobheart 6.4 (a mhaoineann tionscadail tithe aíochta freisin) trí 21 iniúchadh lena gcumhdaítear dhá Bhallstát déag. I gceithre Bhallstát, bhraith an Coimisiún laigí i gcur chun feidhme nósanna imeachta iomchuí. Go dtí seo, níor braithheadh aon mhíriltacht fhorleathan cé is moite den staid sa Bhulgáir a bhfuil cur síos air sa phointe roimhe.

**61-65.** Freagra coiteann ón gCoimisiún ar mhíreanna 61 go 65:

Maidir leis na deacrachtaí a bhaineann le méid an rannchuidithe a thomhas, cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir go luaitear sa tuarascáil sintéise<sup>2</sup> freisin 'cé go bhfuil na conclúidí bunaithe ar na bearta ar féidir linn a rá go cinnte ina leith go raibh an méid a rannchuidigh siad don chuspóir beartaithe dearfach, ní chiallaíonn sé sin áfach go raibh tionscnaimh lena bhain rannchuidiú nó

<sup>2</sup> Sintéis ar mheastóireacht *ex-post* Chláir Forbartha Tuaithe (RDP) 2007-2013 – Staidéar Meastóireachta, (lch16)

ábharthacht níos lú neamhéifeachtach agus nach ndearna siad rannchuidiú ar bith. A mhalairt ar fad, mar atá le feiceáil sa mhéid a rannchuidigh na bearta aonair, i bhformhór na gcásanna léiríonn siad easpa conclúide i dtuarascáil mheastóireachta *ex-post* maidir le rannchuidiú seachas measúnú tuarascála nach ndearnadh rannchuidiú ar bith nó nach ndearnadh ach rannchuidiú beag. Ina theannta sin, tá comhghaol ag méid na ranníocaíochta leis an éascaíocht a bhaineann leis an ranníocaíocht sin a thomhas. Ina theannta sin, tá gaol láidir idir intomhaisteacht agus an méid ama a cuireadh beart chun feidhme, toisc go ndearnadh an próiseas a chuíchóiriú cheana féin agus gur sainíodh na teicnící agus na cineálacha cur chuige tomhais ar bhealach níos soiléire.'

Féach an freagra ón gCoimisiún ar mhír 07.

Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir nach n-éilítear ar na Ballstáit, agus i bhfianaise an lín mhóir tionscadal beag, ní féidir ceangal a chur orthu, faireachán córasach ná rialú a dhéanamh maidir le cé acu a bhíonn nó nach mbíonn tionscadail infheistíochta fós oibríochtúil i ndiaidh na tréimhse mharthanachta a cheanglaítear leis an dlí. Ina theannta sin, cuireann rialacha cosanta sonraí srian ar chumas an Choimisiúin faireachán den sórt sin a dhéanamh go díreach. Mar sin féin, is féidir leis an gCoimisiún na Ballstáit a spreagadh chun úsáid níos fearr a bhaint as clárlanna gnó nó as bunachair sonraí mhóra eile.

## CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ (míreanna 66-70)

### Freagraí ón gCoimisiún:

**66-69.** Freagra coiteann ón gCoimisiún ar mhíreanna 66 go 69:

Aontaíonn an Coimisiún go bhféadfaí an nós imeachta roghnúcháin a fheabhsú, go háirithe trí mheasúnú níos fearr a chur chun cinn de réir an cháis ar cháilíocht na dtionscadal bunaithe ar thuairisc na dtairbhíthe ar thionscadail. Braithéann tionchar fadtéarmach na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht, sa bhreis air sin, ar roinnt tosca seachtracha, amhail treochothaí agus géarchéimeanna maicreacnamaíocha nach féidir tionchar a bheith ag nósanna imeachta roghnúcháin orthu.

### **Moladh 1 – Caiteachas a dhíriú ar dhóigh níos fearr ar thionscadail inmharthana**

Glacann an Coimisiún leis an moladh.

Éascóidh an Coimisiún comhroinnt dea-chleachtas idir na Ballstáit.

### **Moladh 2 – Na rioscaí a bhaineann le hatreorú sócmhainní cistithe le haghaidh úsáid phearsanta a mhaolú**

**2.A.** Glacann an Coimisiún leis an moladh.

Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair le húdaráis na mBallstát agus le páiríthe leasmhara eile, go háirithe sa Líonra Eorpach CBT a bheidh ann amach anseo chun dea-chleachtais a chomhroinnt agus a mhalartú agus ar an gcaoi sin cur chun feidhme éifeachtúil an bheartais a éascú, agus é mar aidhm aige an breisluach AE is airde a bhaineann leis an tacaíocht a chuirtear ar fáil a áirithiú.

Tá na Ballstáit á spreagadh ag an gCoimisiún chun ceanglais ábhartha mharthanachta a áireamh sna Pleananna Straitéiseacha CBT i gcás inarb iomchuí, ag brath ar an gcineál tacaíochta a chuirtear ar fáil.

**B.** Spreagann an Coimisiún na Ballstáit tacaíocht a thabhairt i bhfoirm ionstraimí airgeadais, amhail iasachtaí agus ráthaíochtaí, go háirithe i gcás infheistíochtaí atá inmharthana go heacnamaíoch agus a ghineann ioncam.

**2.B.** Glacann an Coimisiún leis an moladh.

**70.** Níl aon bhunús dlí ann lena cheangal ar na Ballstáit faireachán córasach a dhéanamh féachaint cé acu a bhíonn nó nach mbíonn na tionscadail a fhaigheann tacaíocht oibríochtúil ar feadh tréimhse i ndiaidh na tréimhse mharthanachta a cheanglaítear le Rialachán (CE) 1698/2005 agus le Rialachán (AE) 1303/2013. Chruthódh sé sin ualach riaracháin iomarcach ar na Ballstáit.

## **Moladh 3 – Leas a bhaint as acmhainneacht na mbunachar sonraí mór le haghaidh meastóireachta**

**3.A.** Glacann an Coimisiún leis an moladh.

Cabhróidh an Coimisiún leis na Ballstáit na foinsí ábhartha faisnéise a shainaitheint agus dea-chleachtais a chomhroinnt.

**3.B.** Glacann an Coimisiún leis an moladh.